Is í seo an bhliain 2021 agus tá togra le haghaidh rialachán nua ón gCoimisiún maidir le gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh.

Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. Beidh cuid de **do chuid smaointe féin** ag teacht le seasaimh tíortha eile, mar atá **an Eastóin agus an Spáinn**. Labhair leo agus féach an dtig libh comhoibriú le chéile chun bhur leasanna coiteanna féideartha a chosaint.
3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca thíos ar chlé cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasaimh tíortha eile a labhair roimhe seo, cuir an méid sin in iúl go soiléir.
5. Éist go cúramach le seasamh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar an gcéad leathanach eile**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. Cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair. Ní neart go cur le chéile.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Uachtaráin, a Choimisinéir, a Chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an Uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn leis an ___________________, agus thángamar ar chomhsheasamh.*

*Táimidne den bharúil nár mhór athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach in Airteagal 1 den rialachán seo. Táimidne den bharúil freisin nár mhór deireadh a chur go luath/ar ball – faoin mbliain ____ – le clárúchán feithiclí neamhleictreacha, ar an ábhar*
*Maidir le hAirteagal 2, ba cheart é a bheith mar sprioc ag na Ballstáit/ba cheart do na Ballstáit gealltanas a thabhairt bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil nach mó ná ___ km óna chéile iad, toisc go bhfuilimidne i bhfabhar ____________ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Ostair** | | | | | |
| **An Bheilg** | | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | | |
| **An Chróit** | | | | | |
| **An Chipir** | | | | | |
| **An tSeicia** | | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | | |
| **An Eastóin** | | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | | |
| **An Ghréig** | | | | | |
| **An Ungáir** | | | | | |
| **Éire** | | | | | |

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Iodáil** | | | | | |
| **An Laitvia** | | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | | |
| **Málta** | | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | | |
| **An Pholainn** | | | | | |
| **An Phortaingéil** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Rómáin** | | | | | |
| **An tSlóvaic** | | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | | |
| **An Spáinn** | | | | | |
| **An tSualainn** | | | | | |
| An Coimisiún | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |


# Airteagal 1

## Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d'fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain ...

- ☐ 2030 ... chun gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú a luaithe is féidir.
- ☐ 2035 ... chun go mbogfar ar aghaidh go mear ach, mar sin féin, chun go dtabharfar an deis an bonneagar cuí a thógáil agus an t-am do chuideachtaí agus do thomhaltóirí teacht isteach ar an athrú.
- ☑ **2040** ... chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain ama ag na tomhaltóirí agus ag na cuideachtaí oiriúnú a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.
- ☐ 2050 ... agus é mar thosaíocht an t-ualach eacnamaíoch ar thomhaltóirí agus ar chuideachtaí a theorannú, rud a thabharfaidh an deis dóibh oiriúnú cuí a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.
- ☐ Rogha eile ______________________________________________

______________________________________________




### D'argóintse

- Tá do thírse an-tiomanta don ghníomhú ar son na haeráide, ós rud é go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha na hadhaimsire ag bagairt uirthi cheana féin.
- Gné chriticiúil den díospóireacht seo ach a ndéantar neamhaird di go minic is ea an spleáchas ar mhianraí, mar atá litiam agus cóbalt, atá riachtanach do cheallraí feithiclí leictreacha. Tá tionchar tromchúiseach comhshaoil agus sláinte ag eastóscadh na mianraí seo ar na réigiúin mhianadóireachta, rud a fhágann gur den ríthábhacht athmhachnamh a dhéanamh ar an tsoghluaisteacht ar bhealach níos leithne, seachas díriú ar na gluaisteáin leictreacha amháin.
- I bhfianaise chur chuige níos leithne do thírse maidir leis an iompar inbhuanaithe, molfaidh tusa aistriú níos faichillí agus níos intuartha.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________


  ______________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Airteagal 2

## Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Beidh sé mar **sprioc** ag na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil do ghluaisteáin.




Ní bheidh níos mó ná **80 ciliméadar** idir dhá stáisiún luchtaithe.




### D'argóintse

- D'ainneoin do thacaíocht fhadtéarmach chun feithiclí leictreacha a chur i bhfeidhm de réir a chéile, is cúis imní duitse an infheistíocht mhór nár mhór a dhéanamh maidir leis an mbonneagar luchtaithe.
- Níl sé d'acmhainn ag eangach chumhachta reatha na Portaingéile tacú le luchtú feithiclí leictreacha ar mhórscála gan uasghrádú costasach a dhéanamh. Ina theannta sin, ó am go ham, bíonn tionchar ag dálaí adhaimsire ar an eangach, rud a fhágann go mbíonn lándorchuithe ann.
- Dá bhrí sin, sula ngeallfaidh sibhse aon infheistíocht a dhéanamh i bpointí luchtaithe, ní mór tús áite a thabhairt d'uasghrádú na heangaí chun a chinntiú go mbeidh sí níos cobhsaí agus gur lú an seans go mbeidh luaineacht ann.
- Do chuid nótaí:

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________


_______________________________________________________________________________


_______________________________________________________________________________

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra

Tabhair faoi deara: **Táthar i mbun caibidlíochta in 2021!**




| | **An tAontas Eorpach** | **An Phortaingéil** |
|---|---|---|
| **OTI per capita** in EUR | 30 440 | 19 360 |
| **An dlús daonra** (in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) | 108.9 | 113.0 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 7.2 % | 7.1 % |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** (coibhéisí $CO_2$ i dtonaí per capita) | 2 154 | 1 554 |
| **Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na giniúna leictreachais** ($gCO_2e/kWh$) | 210 | 119 |
| **Sciar an fhuinnimh in-athnuaite** | 19.7 % | 30.6 % |
| **An ráta mótarthrealmhaithe** (líon na ngluaisteán in aghaidh gach 1 000 áitritheoir) | 555 | 535 |
| **Gluaisteáin nua paisinéirí** a cláraíodh in 2019 | 10 949 740 | 202 986 |
| **Sciar na bhfeithiclí leictreacha nua** a cláraíodh in 2019 | 4.92 % | 3.9 % |


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© an tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.



PDF ISBN 978-92-850-0465-1 doi:10.2860/9828976 QC-01-25-005-GA-N
Print ISBN 978-92-850-0466-8 doi:10.2860/7347037 QC-01-25-005-GA-C

**AN UACHTARÁNACHT**



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Rialachán maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán paisinéirí

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Táthar i mbun caibidlíochta in 2021!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú agus maidir le bonneagar feithiclí leictreacha a chur chun úsáide

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Mar pháirtí i gComhaontú Pháras, tá an tAontas tiomanta don athrú aeráide a chomhrac. Faoi Dhlí Aeráide an Aontais, rinneadh an aeráidneodracht faoi 2050 ceangailteach ó thaobh dlí de. Chuige sin, ní mór laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Féachfaidh an tAontas leis an méid sin a bhaint amach trí phríomhthionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh 2019-2024 – an Comhaontú Glas don Eoraip.

Is den ríthábhacht earnáil an iompair chun a chinntiú go mbeidh rath ar an gComhaontú Glas don Eoraip. Ó 2019 i leith, is í an earnáil seo is cúis leis an gceathrú cuid d’astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Is iad na gluaisteáin paisinéirí agus na gluaisrothair is cúis le 60 % de na hastaíochtaí sin. Léiríonn an taighde gur deacair astaíochtaí a laghdú in earnáil an iompair – féach gur tháinig méadú 28 % ar astaíochtaí in iompar de bhóthar ó 1990 go 2019.

Tá géarghá le gníomhaíocht phráinneach chun bogadh i dtreo córas iompair paisinéirí níos inbhuanaithe ina mbeidh ról lárnach ag feithiclí leictreacha. Cé go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na bhfeithiclí leictreacha ar bóthar le blianta beaga anuas, tá formhór na ngluaisteán paisinéirí san Aontas fós ag brath ar pheitreal agus ar dhíosal. Féachann togra an Choimisiúin Eorpaigh le bearna thábhachtach a líonadh in iarrachtaí an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac. Féachann sé freisin le dáta deiridh a leagan síos do dhíolacháin gluaisteán nua a bhreoslaítear le breoslaí iontaise mar aon le híoscheanglas a leagan síos do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.

## Airteagal 1

### Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d’fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain 2035 amach.

## Airteagal 2

### Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Geallfaidh na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil. Ní bheidh níos mó ná 60 ciliméadar idir dhá phointe luchtaithe.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# AN UACHTARÁNACHT

## An Clár Oibre

Is í seo an bhliain 2021 agus tá togra le haghaidh rialachán nua ón gCoimisiún maidir le gluaisteáin nua paisinéirí a ghlasú ar bhóithre an Aontais ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh. Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.



## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle le tromlach dúbailte (is é sin 55 % de na Ballstáit, ar a laghad, a dhéanann ionadaíocht ar 65 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh). Is fearr i gcónaí a bheith ar aon fhocal sna cúrsaí seo, ach in éagmais sin, cuirtear riail an tromlaigh dhúbailte i bhfeidhm. Go praiticiúil, ní chaitear vóta ar fhormhór na gcinntí, ach déanann an uachtaránacht iarracht teacht ar chomhréiteach ar féidir leis na toscaireachtaí go léir tacú leis.

## An ról a bheidh agatsa

Tá tú i bpáirt le toscaireacht an Bhallstáit sin ar aige atá an uachtaránacht faoi láthair. Déarfaidh éascaitheoir an chluiche leat cén tír atá i gceist.

Mar chuid den toscaireacht, tusa a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcaibidlíocht oifigiúil agus is iad do chomhghleacaithe a chuirfidh leas agus seasamh na tíre i láthair. Fútsa atá sé maoirseacht a dhéanamh ar na cainteanna oifigiúla, deis chainte a thabhairt do na toscairí agus súil a choinneáil ar an sceideal.

## An Tús

1. Ba cheart duit **tús a chur leis an gcruinniú go foirmiúil**, fáilte a chur roimh na toscairí uile agus roimh an gCoimisiún agus cuspóir an chruinnithe a mhíniú dóibh (nóiméad, ar a mhéad). D'fhéadfadh an script ar an gcéad leathanach eile cabhrú leat.
2. Ina dhiaidh sin arís, **iarrfaidh tú ar ionadaí an Choimisiúin an dréacht a chur i láthair**.
3. Ach a mbeidh sin déanta, tig leat a iarraidh ar **na Ballstáit**, ina gceann is ina gceann, **ráiteas tosaigh a dhéanamh** (nóiméad, ar a mhéad), de réir mar a iarrfaidh siad cead cainte. Iarr ar na Ballstáit na leasanna coiteanna atá acu i bpáirt le Ballstáit eile a chur in iúl go soiléir.

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú.
Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## An Plé

1. **Stiúir an chaibidlíocht oifigiúil a bheidh ann**. Beidh cead cainte ag na hairí ach a dtabharfaidh tusa an deis sin dóibh. Tabhair deis chainte do na toscairí ina gceann is ina gceann de réir mar a iarrfaidh siad an deis sin.
2. Iarr ar na toscairí gan argóint agus seasamh a míníodh cheana féin a dhéanamh an athuair. Iarr ar na Ballstáit sin atá ar aon fhocal labhairt thar ceann a chéile. **Bítear géar ar an am!**
3. **Cuirtear isteach ar an gcaibidlíocht** oifigiúil **ar mhaithe le cainteanna neamhfhoirmiúla**. Fógair tús na gcainteanna neamhfhoirmiúla agus an tráth a gcuirfear tús an athuair leis an gcruinniú foirmiúil. Tig na cainteanna neamhfhoirmiúla a reáchtáil i d'uireasa.

## Teacht ar chomhaontú

1. Beidh an deis agat **togra comhréitigh a ullmhú** i gcaitheamh na gcainteanna neamhfhoirmiúla. Ar ndóigh, tig leat freisin a iarraidh ar na Ballstáit an bhfuil nó nach bhfuil moltaí acu i dtaca le togra comhréitigh.
2. Caitear vóta ar an togra/na tograí is mó a bhfuil gealladh fúthu maidir le hAirteagal 1 agus 2. **Glactar an téacs** críochnaitheach **le tromlach dúbailte** (is é sin 55 % de na Ballstáit, ar a laghad, a dhéanann ionadaíocht ar 65 % de dhaonra an Aontais Eorpaigh). Úsáid an t-áireamhán vótála chun na vótaí a chomhaireamh. Tig le héascaitheoir an chluiche lámh chúnta a thabhairt duit leis seo.
3. Meabhraigh do na Ballstáit nach mór dóibh cinneadh a dhéanamh, ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh, cé acu arbh fhearr leo teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leo nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

*A Chomhaltaí na Comhairle, a Choimisinéir,*

*Is mór agam tús a chur le cruinniú an lae inniu den Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh.*

*Mar is eol daoibh, is ag __________ atá Uachtaránacht na Comhairle i láthair na huaire agus is í (é) a dhéanfaidh cathaoirleach ar an gcaibidlíocht. Mise a dhéanfaidh cruinniú an lae inniu a stiúradh ach ní fúmsa a bheidh sé seasamh ár dtíre ar an ábhar a chur i láthair.*

*Ar chlár oibre an lae inniu, tá rialachán nua maidir le hastaíochtaí* $CO_2$ *na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú agus maidir le bonneagar feithiclí leictreacha a chur chun úsáide. Tá an t-ábhar seo ag dó na geirbe ag muintir uile na hEorpa, agus tá tábhacht nach beag ag baint leis i dtaca le ról an Aontais Eorpaigh i saol an lae inniu, ar an ábhar ____________________________________________*

*Sula dtabharfaidh mé cead cainte don Choimisiún, ba mhian liom a chur in iúl go bhfuil athbhreithniú déanta ag Seirbhís Dlí na Comhairle ar an togra. Tá sé tugtha le fios acusan go bhfuil an togra i gcomhréir leis na Conarthaí agus go bhfuil bunús dlí riachtanach leis.*

*Iarraimid ar an gCoimisiún an togra uaidh a chur i láthair anois. Beidh deis agaibhse ansin ráiteas gearr a dhéanamh agus seasamh bhur dtíre féin a chur i láthair. Táimid ag súil go mór le díospóireacht chuiditheach thairbheach.*

**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

# Airteagal 1

## Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d’fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain ... amach.

☐ 2030 ... chun gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú a luaithe is féidir.

☐ 2035 ... chun go mbogfar ar aghaidh go mear ach, mar sin féin, chun go dtabharfar an deis an bonneagar cuí a thógáil agus an t-am do chuideachtaí agus do thomhaltóirí teacht isteach ar an athrú.

☐ 2040 ... chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain ama ag na tomhaltóirí agus ag na cuideachtaí oiriúnú a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.

☐ 2050 ... agus é mar thosaíocht an t-ualach eacnamaíoch ar thomhaltóirí agus ar chuideachtaí a theorannú, rud a thabharfaidh an deis dóibh oiriúnú cuí a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.

☐ Rogha eile ______________________________

______________________________

# Airteagal 2

## Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Geallfaidh na Ballstáit / Beidh sé mar sprioc ag na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil do ghluaisteáin.

gealltanas ☐ sprioc ☐

Ní bheidh níos mó ná ... idir dhá stáisiún luchtaithe.



40 km ☐ 60 km ☐ 80 km ☐ 100 km ☐


**Tabhair faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Ostair** | 2030 | | geallfaidh siad | 40 km | |
| **An Bheilg** | 2030 | | geallfaidh siad | 40 km | |
| **An Bhulgáir** | 2050 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Chróit** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 100 km | |
| **An Chipir** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 100 km | |
| **An tSeicia** | 2050 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Danmhairg** | 2030 | | geallfaidh siad | 40 km | |
| **An Eastóin** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Fhionlainn** | 2030 | | beidh sé mar sprioc acu | 60 km | 100 km ar bhóithre ísealtráchta |
| **An Fhrainc** | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |
| **An Ghearmáin** | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |
| **An Ghréig** | 2030 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Ungáir** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 100 km | |
| **Éire** | 2030 | | geallfaidh siad | 60 km | |

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Iodáil** | 2035 | monaróirí ísealtáirgeachta eisiata | geallfaidh siad | 60 km | |
| **An Laitvia** | 2050 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Liotuáin** | 2030 | | geallfaidh siad | 100 km | |
| **Lucsamburg** | 2030 | | geallfaidh siad | 60 km | |
| **Málta** | 2030 | | geallfaidh siad | 100 km | |
| **An Ísiltír** | 2030 | | geallfaidh siad | 40 km | |
| **An Pholainn** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 100 km | |
| **An Phortaingéil** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Rómáin** | 2050 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An tSlóvaic** | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |
| **An tSlóivéin** | 2035 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An Spáinn** | 2040 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An tSualainn** | 2030 | | beidh sé mar sprioc acu | 60 km | 100 km ar bhóithre ísealtráchta |
| An Coimisiún | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |

## Eolas cúlra

Tabhair faoi deara: **Táthar i mbun caibidlíochta in 2021!**





| | **An tAontas Eorpach** |
|---|---|
| **OTI per capita** in EUR | 30 440 |
| **An dlús daonra** (in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) | 108.9 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 7.2 % |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** (coibhéisí $CO_2$ i dtonaí per capita) | 2 154 |
| **Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na giniúna leictreachais** ($gCO_2e/kWh$) | 210 |
| **Sciar an fhuinnimh in-athnuaite** | 19.7 % |
| **An ráta mótarthrealmhaithe** (líon na ngluaisteán in aghaidh gach 1 000 áitritheoir) | 555 |
| **Gluaisteáin nua paisinéirí** a cláraíodh in 2019 | 10 949 740 |
| **Sciar na bhfeithiclí leictreacha nua** a cláraíodh in 2019 | 4.92 % |


Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu


© An tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse


PDF ISBN 978-92-850-0465-1 doi:10.2860/9828976 QC-01-25-005-GA-N
Print ISBN 978-92-850-0466-8 doi:10.2860/7347037 QC-01-25-005-GA-C

## AN RÓMÁIN



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Rialachán maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le gluaisteáin paisinéirí

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Táthar i mbun caibidlíochta in 2021!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú agus maidir le bonneagar feithiclí leictreacha a chur chun úsáide

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Mar pháirtí i gComhaontú Pháras, tá an tAontas tiomanta don athrú aeráide a chomhrac. Faoi Dhlí Aeráide an Aontais, rinneadh an aeráidneodracht faoi 2050 ceangailteach ó thaobh dlí de. Chuige sin, ní mór laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Féachfaidh an tAontas leis an méid sin a bhaint amach trí phríomhthionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh 2019-2024 – an Comhaontú Glas don Eoraip.

Tá earnáil an iompair ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an gComhaontú Glas. Ó 2019 i leith, is í an earnáil seo is cúis leis an gceathrú cuid d’astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Is iad na gluaisteáin paisinéirí agus na gluaisrothair is cúis le 60 % de na hastaíochtaí sin. Tá sé thar a bheith deacair astaíochtaí a laghdú in earnáil an iompair – féach gur tháinig méadú 28 % ar astaíochtaí in iompar de bhóthar ó 1990 go 2019.

Tá géarghá le gníomhaíocht phráinneach chun bogadh i dtreo córas iompair paisinéirí níos inbhuanaithe ina mbeidh ról lárnach ag feithiclí leictreacha. Cé go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na bhfeithiclí leictreacha ar bóthar le blianta beaga anuas, tá formhór na ngluaisteán paisinéirí san Aontas fós ag brath ar pheitreal agus ar dhíosal. Féachann togra an Choimisiúin Eorpaigh le bearna thábhachtach a líonadh in iarrachtaí an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac. Féachann sé freisin le dáta deiridh a leagan síos do dhíolacháin gluaisteán nua a bhreoslaítear le breoslaí iontaise mar aon le híoscheanglas a leagan síos do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.

## Airteagal 1

### Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d’fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain 2035 amach.

## Airteagal 2

### Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Geallfaidh na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil. Ní bheidh níos mó ná 60 ciliméadar idir dhá stáisiún luchtaithe.

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## AN RÓMÁIN



# An Clár Oibre

Is í seo an bhliain 2021 agus tá togra le haghaidh rialachán nua ón gCoimisiún maidir le gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh.

Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. Beidh cuid de **do chuid smaointe féin** ag teacht le seasaimh tíortha eile, mar atá **an Bhulgáir, an Laitvia agus an tSeicia**. Labhair leo agus féach an dtig libh comhoibriú le chéile chun bhur leasanna coiteanna féideartha a chosaint.

*A Uachtaráin, a Choimisinéir, a Chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an Uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn leis an ___________________, agus thángamar ar chomhsheasamh.*

*Mar sin féin, táimid den bharúil nár mhór athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach in Airteagal 1 den rialachán seo. Táimidne den bharúil freisin nár mhór deireadh a chur go luath/ar ball – faoin mbliain ____ – le clárúchán feithiclí neamhleictreacha, ar an ábhar Maidir le hAirteagal 2, ba cheart é a bheith mar sprioc ag na Ballstáit/ba cheart do na Ballstáit gealltanas a thabhairt bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil nach mó ná ___ km óna chéile iad, toisc go bhfuilimidne i bhfabhar _ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca thíos ar chlé cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasaimh tíortha eile a labhair roimhe seo, cuir an méid sin in iúl go soiléir.
5. Éist go cúramach le seasamh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar an gcéad leathanach**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. Cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair. Ní neart go cur le chéile.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Ostair** | | | | | |
| **An Bheilg** | | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | | |
| **An Chróit** | | | | | |
| **An Chipir** | | | | | |
| **An tSeicia** | | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | | |
| **An Eastóin** | | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | | |
| **An Ghréig** | | | | | |
| **An Ungáir** | | | | | |
| **Éire** | | | | | |

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Iodáil** | | | | | |
| **An Laitvia** | | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | | |
| **Málta** | | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | | |
| **An Pholainn** | | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | | |
| **An Rómáin** | 2050 | | beidh sé mar sprioc acu | 80 km | |
| **An tSlóvaic** | | | | | |
| **An tSlóivéin** | | | | | |
| **An Spáinn** | | | | | |
| **An tSualainn** | | | | | |
| An Coimisiún | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |


# Airteagal 1

## Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d'fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain ...

- [ ] 2030 — ... chun gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú a luaithe is féidir.
- [ ] 2035 — ... chun go mbogfar ar aghaidh go mear ach, mar sin féin, chun go dtabharfar an deis an bonneagar cuí a thógáil agus an t-am do chuideachtaí agus do thomhaltóirí teacht isteach ar an athrú.
- [ ] 2040 — ... chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain ama ag na tomhaltóirí agus ag na cuideachtaí oiriúnú a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.
- [x] **2050** — ... agus é mar thosaíocht an t-ualach eacnamaíoch ar thomhaltóirí agus ar chuideachtaí a theorannú, rud a thabharfaidh an deis dóibh oiriúnú cuí a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.
- [ ] Rogha eile ______________________________________________

______________________________________________




### D'argóintse

- Tá do thírse tiomanta rannchuidiú cothrom a dhéanamh chun na hastaíochtaí in earnáil an iompair a laghdú, ach ag an am céanna, a chinntiú nach ndéanfaidh an t-aistriú sin dochar don gheilleagar náisiúnta. Tá cáineadh déanta ag roinnt de na heagraíochtaí aeráide ar phleananna aistrithe na Rómáine; deir siad nach leor iad – nach bhfuil siad sách uaillmhianach – ach tá athruithe á gcur chun feidhme agatsa laistigh de theorainneacha an mhéid atá indéanta go heacnamaíoch.
- Is cúis mhór imní go fóill margadh isteach na ngluaisteán réchaite; bhí tionchar diúltach aige seo ar fheidhmíocht aeráide agus fuinnimh araon san am a caitheadh. Tuigeann tusa nach mór nósanna na dtomhaltóirí a athrú, ach measann tú gur cuspóir fadtéarmach é sin atá ceangailte go dlúth le forbairt eacnamaíoch na Rómáine.
- Mar sin, tá tusa go mór i gcoinne deireadh iomlán a chur le feithiclí faoi thiomáint ag inneall dócháin faoi 2035; molfaidh tú spriocdháta níos déanaí ná sin. Tá an bhliain 2050 i bhfad níos réadúla; tabharfaidh sé seo an t-am is gá don gheilleagar agus don phobal an t-oiriúnú a dhéanamh dé réir a chéile.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________


  ______________________________________________

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.


# Airteagal 2

## Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Beidh sé mar **sprioc** ag na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil do ghluaisteáin.




Ní bheidh níos mó ná **80 ciliméadar** idir dhá stáisiún luchtaithe.





### D'argóintse


- Tá do thírse ag brath ar an margadh réchaite d'fheithiclí leictreacha agus is margadh é seo atá ag dul i méid. Ach, tógfaidh sé am é seo a fhorbairt de réir mar a bheidh dlús á chur ag Ballstáit níos saibhre an Iarthair le glacadh na ngluaisteán leictreach.
- Ós amhlaidh atá, tá tú go mór i gcoinne aon ghealltanas ceangailteach maidir le leathnú an bhonneagair luchtaithe.
- Anuas air sin, tá imní ortsa faoi chothroime an togra. Mar atá an togra reatha, is chun tairbhe go príomha úinéirí na ngluaisteán leictreach a rachaidh na cistí poiblí a úsáidfear do bhonneagar na ngluaisteán leictreach. Mar is léir duitse é, cé nach mbeadh aon bhrabach ag an té nach mbaineann aon úsáid as an ngluaisteán leictreach bheidís, mar sin féin, ag seasamh an chostais.
- Do chuid nótaí:

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

## Eolas cúlra

Tabhair faoi deara: **Tabharfar faoin gcaibidlíocht in 2021!**





| | **An tAontas Eorpach** | **An Rómáin** |
|---|---|---|
| **OTI per capita** in EUR | 30 440 | 11 460 |
| **An dlús daonra** (in aghaidh an chiliméadair chearnaigh) | 108.9 | 82.7 |
| **An ráta dífhostaíochta** | 7.2 % | 6.1 % |
| **Astaíochtaí gás ceaptha teasa** (coibhéisí $CO_2$ i dtonaí per capita) | 2 154 | 1 464 |
| **Déine astaíochtaí gás ceaptha teasa na giniúna leictreachais** ($gCO_2e/kWh$) | 210 | 234 |
| **Sciar an fhuinnimh in-athnuaite** | 19.7 % | 24.3 % |
| **An ráta mótarthrealmhaithe** (líon na ngluaisteán in aghaidh gach 1 000 áitritheoir) | 555 | 379 |
| **Gluaisteáin nua paisinéirí** a cláraíodh in 2019 | 10 949 740 | 126 329 |
| **Sciar na bhfeithiclí leictreacha nua** a cláraíodh in 2019 | 4.92 % | 2.3 % |

Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a d'fhoilsigh an foilseachán seo agus chun críoch faisnéise amháin a foilsíodh é. Níl aon bhaint ag institiúidí an Aontais ná ag na Ballstáit leis. Tá tuilleadh eolais le fáil faoin gComhairle Eorpach agus faoin gComhairle ag an suíomh gréasáin: www.consilium.europa.eu
© an tAontas Eorpach, 2025 | Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse

PDF ISBN 978-92-850-0465-1 doi:10.2860/9828976QC-01-25-005-GA-N
Print ISBN 978-92-850-0466-8 doi:10.2860/7347037QC-01-25-005-GA-C



# AN tSLÓVAIC



# AIRE AR FEADH LAE: AN CHAIBIDLÍOCHT IDIR 27

## ■ Rialachán maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i dtaca le gluaisteáin paisinéirí

Rólphróifílí | **An leagan caighdeánach** | GA

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach

Táthar i mbun caibidlíochta in 2021!

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hastaíochtaí $CO_2$ na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú agus maidir le bonneagar feithiclí leictreacha a chur chun úsáide

## COMHTHÉACS AN TOGRA

Mar pháirtí i gComhaontú Pháras, tá an tAontas tiomanta don athrú aeráide a chomhrac. Faoi Dhlí Aeráide an Aontais, rinneadh an aeráidneodracht faoi 2050 ceangailteach ó thaobh dlí de. Chuige sin, ní mór laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Féachfaidh an tAontas leis an méid sin a bhaint amach trí phríomhthionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh 2019-2024 – an Comhaontú Glas don Eoraip.

Tá earnáil an iompair ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an gComhaontú Glas. Ó 2019 i leith, is í an earnáil seo is cúis leis an gceathrú cuid d’astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Is iad na gluaisteáin paisinéirí agus na gluaisrothair is cúis le 60 % de na hastaíochtaí sin. Léiríonn an taighde gur deacair astaíochtaí a laghdú in earnáil an iompair – féach gur tháinig méadú 28 % ar astaíochtaí in iompar de bhóthar ó 1990 go 2019.

Tá géarghá le gníomhaíocht phráinneach chun bogadh i dtreo córas iompair paisinéirí níos inbhuanaithe ina mbeidh ról lárnach ag feithiclí leictreacha. Cé go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na bhfeithiclí leictreacha ar bóthar le blianta beaga anuas, tá formhór na ngluaisteán paisinéirí san Aontas fós ag brath ar pheitreal agus ar dhíosal. Féachann togra an Choimisiúin Eorpaigh le bearna thábhachtach a líonadh in iarrachtaí an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac. Féachann sé freisin le dáta deiridh a leagan síos do dhíolacháin gluaisteán nua a bhreoslaítear le breoslaí iontaise mar aon le híoscheanglas a leagan síos do bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha.

## Airteagal 1

### Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d’fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain 2035 amach.

## Airteagal 2

### Bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha

Geallfaidh na Ballstáit líonra pointí luchtaithe leictreacha a chur ar fáil. Ní bheidh níos mó ná 60 ciliméadar idir dhá stáisiún luchtaithe.

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.



## AN tSLÓVAIC

# An Clár Oibre



Is í seo an bhliain 2021 agus tá togra le haghaidh rialachán nua ón gCoimisiún maidir le gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú ar chlár oibre na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh.

Pléifidh tú an dréacht le hionadaithe na mBallstát eile, agus é mar aidhm agaibh teacht ar chomhréiteach.

## Do phríomhchuspóir

Teacht ar chomhsheasamh ón gComhairle, a léiríonn an méid is suim leatsa. Tig leat freisin do mhachnamh a dhéanamh ar thacú le rogha chomhréitigh a léireodh, go pointe áirithe, do leas.

## Do thasc féin

1. **Léigh** go cúramach **an rólphróifíl** óir is anseo a léirítear leas agus seasamh do thírse.
2. Beidh cuid de **do chuid smaointe féin** ag teacht le seasaimh tíortha eile, mar atá **an Fhrainc, an Ghearmáin, agus an Iodáil**. Labhair leo agus féach an dtig libh comhoibriú le chéile chun bhur leasanna coiteanna féideartha a chosaint.

*A Uachtaráin, a Choimisinéir, a Chomhghleacaithe,*

*I dtús báire, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghlacadh leis an gCoimisiún as an togra uaidh agus leis an Uachtaránacht as an tsaincheist a chur ar chlár oibre an lae inniu.*

*Roimh chruinniú an lae inniu, bhí plé tairbheach againn leis an ___________________, agus thángamar ar chomhsheasamh.*

*Táimidne den bharúil nár mhór athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna atá leagtha amach in Airteagal 1 den rialachán seo. Táimidne den bharúil freisin nár mhór deireadh a chur go luath/ar ball – faoin mbliain ____ – le clárúchán feithiclí neamhleictreacha, ar an ábhar_________ Maidir le hAirteagal 2, ba cheart é a bheith mar sprioc ag na Ballstáit/ba cheart do na Ballstáit gealltanas a thabhairt bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a shuiteáil nach mó ná ___ km óna chéile iad, toisc go bhfuilimidne i bhfabhar _ .*

*Tá dóchas againn go dtiocfaimid ar chomhréiteach inoibrithe ag cruinniú an lae inniu.*

*Go raibh maith agaibh.*

3. Ullmhaigh **ráiteas tosaigh** (a mhairfidh nóiméad, ar a mhéad) don chéad bhabhta den chaibidlíocht oifigiúil. Luaigh an seasamh atá agatsa maidir le hAirteagail 1 agus 2. D'fhéadfadh an script sa bhosca thíos ar chlé cabhrú leat.
4. Tapaigh do dheis ach a dtabharfaidh an uachtaránacht (a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú) deis chainte duit. Más rud é go bhfuil tú ar aon bhuille le seasaimh tíortha eile a labhair roimhe seo, cuir an méid sin in iúl go soiléir.
5. Éist go cúramach le seasamh na dtíortha eile. Chun taifead a choinneáil ar sheasamh na dtíortha eile, **líon isteach an tábla ar an gcéad leathanach**. Cuid mhór den chaibidlíocht is ea éisteacht a thabhairt dá chéile agus teacht ar réitigh a oireann do chách.
6. Ag an gcaibidlíocht oifigiúil, **cuireadh tú do sheasamh agus do phointí féin i láthair**. Cuireadh tú féin agus na tíortha eile sin atá ar aon bhuille leat bhur seasamh agus bhur n-argóint i láthair. Ní neart go cur le chéile.
7. Ar deireadh thiar thall, **is fútsa atá sé vóta a chaitheamh pé bealach is mian leat**. Fainic! Ach a mbeidh an vóta deiridh le caitheamh ar an togra comhréitigh, ní mór duit cinneadh a dhéanamh: cé acu arbh fhearr leat teacht ar chomhréiteach nach bhfuil 100 % ag teacht leis an rud is mian leat nó gan teacht ar réiteach in aon chor.

**Tabharfar faoi deara:** Ullmhaíodh an t-ábhar teagaisc seo chun imirt an chluiche agus taithí foghlama na rannpháirtithe a fheabhsú. Ní gá gur léiriú é ar fhíorábhar ná ar fhíorsheasaimh pholaitiúla.

| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Ostair** | | | | | |
| **An Bheilg** | | | | | |
| **An Bhulgáir** | | | | | |
| **An Chróit** | | | | | |
| **An Chipir** | | | | | |
| **An tSeicia** | | | | | |
| **An Danmhairg** | | | | | |
| **An Eastóin** | | | | | |
| **An Fhionlainn** | | | | | |
| **An Fhrainc** | | | | | |
| **An Ghearmáin** | | | | | |
| **An Ghréig** | | | | | |
| **An Ungáir** | | | | | |
| **Éire** | | | | | |


| | Airteagal 1 | | Airteagal 2 | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Beidh feithiclí leictreacha éigeantach faoin mbliain ... | Moltaí eile/nótaí | Na Ballstáit ... | Ní bheidh níos mó ná ... | Moltaí eile/nótaí |
| **An Iodáil** | | | | | |
| **An Laitvia** | | | | | |
| **An Liotuáin** | | | | | |
| **Lucsamburg** | | | | | |
| **Málta** | | | | | |
| **An Ísiltír** | | | | | |
| **An Pholainn** | | | | | |
| **An Phortaingéil** | | | | | |
| **An Rómáin** | | | | | |
| **An tSlóvaic** | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |
| **An tSlóivéin** | | | | | |
| **An Spáinn** | | | | | |
| **An tSualainn** | | | | | |
| An Coimisiún | 2035 | | geallfaidh siad | 60 km | |

# Airteagal 1

## Astaíochtaí na ngluaisteán nua paisinéirí a laghdú

Cuirfear deireadh le clárúcháin d'fheithiclí nua faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh (eadhon a úsáideann peitreal nó díosal). Déanfar é seo de réir a chéile. Ní chlárófar aon charr nua peitril ná díosail san Aontas ón mbliain ...

- ☐ 2030 ... chun gluaisteáin nua paisinéirí ar bhóithre an Aontais a ghlasú a luaithe is féidir.
- ☑ **2035** ... chun go mbogfar ar aghaidh go mear ach, mar sin féin, chun go dtabharfar an deis an bonneagar cuí a thógáil agus an t-am do chuideachtaí agus do thomhaltóirí teacht isteach ar an athrú.
- ☐ 2040 ... chun go gcinnteofar go mbeidh dóthain ama ag na tomhaltóirí agus ag na cuideachtaí oiriúnú a dhéanamh agus an bonneagar is gá a thógáil.
- ☐ Rogha eile ______________________________________________ ______________________________________________




### D'argóintse

- Tá do thír féin ar thús cadhnaíochta sa ghníomhú ar son na haeráide. Níos túisce i mbliana, d'fhormheas an rialtas straitéis beartais comhshaoil dar teideal 'Slóvaic níos glaise', lena leagtar síos cuspóirí chun acmhainní nádúrtha a chosaint, an truailliú a laghdú, agus geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Treisíonn sé sin do cheannaireacht sa réimse, agus tá fonn ort do sheasamh a chur in iúl inniu.
- Tá monarchana monaraíochta mórchuideachtaí mótarfheithiclí lonnaithe sa tSlóvaic; tá 177 000 fostaithe san earnáil go díreach agus go leor eile i dtionscail ghaolmhara. In 2019, tháirg monaróirí níos mó ná milliún gluaisteán. Is bunchloch de gheilleagar na Slóvaice é tionscal na ngluaisteán, arb é is cúis le 13 % den OTI, beagnach 50 % den táirgeadh tionsclaíoch, agus 46 % d'onnmhairí.
- Tacóidh tusa le togra an Choimisiúin mar go measann tú gur cur chuige cothrom meáite é.
- Do chuid nótaí:

  ______________________________________________________________________

  ______________________________________________________________________

